

Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Deireadh Fómhair 2015

Cúlra:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Intreoir

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir leis an phróiseas comhairliúcháin do Cultúr 2025. Luíonn an Ghaeilge ag croílár dár gcúltúr agus dár n-oidhreacht ar an oileán seo, agus tá sí fite fuaite go dlúth i ngach gnéithe dár stair. Ba chóir, mar sin, go dtugfar áit tosaíochta di le linn dhréachtú na cáipéise seo agus go ndéanfar cinnte go mbainfear leas as gach deis agus féidearthacht leis an teanga a fhorbairt tríd an pholasáí seo.

Thíos faoi, tá freagraí ar na ceisteanna a bhí sa dréachtcháipéis le moltaí maidir le cén fáth agus cén dóigh gur féidir leis an Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid de Chultúr 2025:

C. Ar cheart aghaidh a thabhairt in Cultúr 2025 ar an ailtireacht forais lena soláthraítear seirbhísí cultúir earnála poiblí? Dá mba cheart, conas ba cheart déileáil leis an tsraith saincheisteanna sin sa phlépháipéar?

F. Ba chóir athmhachnamh a dhéanamh ar infrastruchtúir maoinithe na Gaeilge agus é a neartú go suntasach. Faoi láthair tá maoiniú na Gaeilge á thachtadh diadh ar ndiadh tríd an íslíú stádas leanúnach atá ag tarlú taobh istigh den Roinn Éalaíona, Oidhreachta, agus Gaeltachta, agus an síor íslíú maoiniú atá á fhulaingt ag Foras na Gaeilge tríd an struchtúir atá leagtha amach dó. Tá buiséad an Fhorais íslithe 22% per capita ó bunaíodh í (a mhalairt don borradh atá tagtha ar an gComhairle Éalaíona) rud a chruthaíonn laghmhisneach deacrachtaí leanúnacha i measc na grúpaí atá faoina scáth. Má táimid chun éileamh an phobail ar bhreis deiseanna labhartha agus shóisialta Gaeilge (atá léirithe go rí-shoiléir acu i suirbhé i ndiadh suirbhé) a shásamh, caithfidimid infheistíocht láidir a dhéanamh in infrastruchtúr áitiúil agus náisiúnta a éascóidh sin, agus a chumasófaí an phobail chun tabhairt faoi Athbheochan na Gaeilge le dúthracht agus díograis nua.

C. Conas is féidir linn an leas is mó a bhaint as acmhainní ganna?

Tá sé riachtanach go mbeadh leanúnachas ag baint le maoiniú in ionad go mbeadh grúpaí atá ag obair ar thionscnaimh ábalta cinnteacht a bheith acu chun pleananna céimiúil straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i gcrích. Cruthaíonn éiginnteacht maidir leis na ceisteanna seo an-deacrachtaí do ghrúpaí agus bheadh drogall ar ghrúpaí tabhairt faoi phíosaí oibre suntasacha más rud nach féidir leo bheith cinnte go mbeadh go leor acmhainní acu le tionscadail móra a chur i gcrích mar is ceart.

Bunaithe ar an eolas seo, ba chóir go ndéanfar machnamh ar an toradh eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le infheistíocht a dhéanamh sa Ghaeilge. Cuireann grúpaí áitiúla Gaeilge go mór leis na pobail áitiúla ina bhfuil siad, ag cruthú deiseanna do dhaoine teacht le chéile, ag cuidiú le daoine bualadh le daoine nua tríd imeachtaí sultmhar sóisialta agus ag déanamh ceiliúradh ar chultúr ag ar hoidhreacht na tíre. Tá sé tábhachtach go bhfuil sé de chumas ag grúpaí áitiúla agus náisiúnta Gaeilge lean ar aghaidh leis an obair seo ar bhonn straitéiseach le cur níos mó le pobail fud fad na tíre.

C. An leor na struchtúir agus na samhlacha maoiniúcháin reatha ag an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil araon chun freastal ar riachtanais na hearnála amach anseo?


F. Ní leor. Tá a líon na ndaoine atá ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid ina saol laethúil ag méadú (go háirithe i measc iar-scoláirí an chóras Ghaeloideachais atá ag fás go suntasach faoi láthair), agus tá ann go méid mhór foghlaimeoirí gur mhaith leo an athrú ó fhoghlaimeoir go cainteoir rialta Gaeilge a bhaint amach. Tá sé riachtanach go mbeadh an bonneagar cuí ar fáil chun tacú leis an bpróisis seo

agus é a dhéanamh chomh éasca agus is féidir. Ba chóir dúinn bunús an bhonneagair seo a chruthú le Lárionaid Gaeilge i mBaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí, Cathair na Gaillimhe, agus Cathair Luimnigh ar mhúnla na gCultúrlann i mBéal Feirste agus i nDoire agus na hionad ealaíona ar fud na tíre.


C. Conas ba cheart éilimh ar infheistíocht phoiblí a chur in ord tosaíochta nó cad ar cheart tosaíocht a thabhairt dó?

F. Ba chóir tús áite a thabhairt don Ghaeilge agus ár gcultúr dúchais i gcónaí in aoin pholasaí chultúir a fhorbraíonn stáit Éireannach toisc gurb í an léiriú is soiléire í ar ár fhéiniúlacht náisiúnta, an teanga scríofa is sine atá fós á labhairt san Eoraip. Tá freagracht domhanda ag stáit Éireannach i leith na Gaeilge – muna chaomhnaítear agus muna labhraítear in Éirinn í, caillfear an ghné is saibhre dár n-oidhreacht. Ní féidir é sin a rá faoi aon fhreagracht chultúrtha eile atá ar an Roinn Ealaíona, Oidhreacht, agus Gaeltachta. Léiríonn na grafanna seo thíos nach raibh an Ghaeilge mar thosaíocht ag an Roinn le tamall fada anuas, bunaithe ar cé comh íseal agus a bhí buiséad Fhoras na Gaeilge i gcomparáid le bhuiséad na Comhairle Ealaíon, agus bunaithe ar an íslíú suntasach ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge per capita ó 2002.

Comparáid idir Buiséad na Comhairle Ealaíon agus Buiséad Fhoras na Gaeilge ó 2003 to 2014



Buiséad Fhoras na Gaeilge, oiriúnaithe do bhoilsciú:



C. An féidir linn níos mó a dhéanamh chun an leas is mó a bhaint as an méid a chuireann an cultúr lenár ngeilleagar agus le híomha na hÉireann i dtíortha thar lear?

F. I suirbhé a rinne Millward Brown i mí Eanáir 2015 d'aontaigh 42% de dhaoine gur ghnéithe uathúil dhíolacháin í an Ghaeilge, agus ní raibh ach 28% de dhaoine nár aontaigh leis seo.¹ Ar a bharr seo, léirigh an taighde seo go gcreideann 53% de dhaoine ó thuaidh gur féidir leis an Ghaeilge cur go dearfach le forbairt eacnamaíochta na hoileáin. Tá turasóirí na linne seo ag síor-lorg eispireáis taistil agus chultúrtha atá barantúil. Is iad ár dteanga agus ár ealaíona dúchais na rudaí is barantúla gur féidir linn cur ar fáil dóibh.

C. An leor na meicníochtaí reatha atá ann le haghaidh an cultúr a úsáid chun íomhá na hÉireann a chur chun cinn i dtíortha thar lear nó an gá iad a athrú chun dáta?

F. Tá siad beagáinín as dáta, leis an iomarca béime b'fhéidir ar íomhá sean-fhaiseanta neamh-fhírinneach d'Éirinn. Bheadh béim nua ar an Ghaeilge agus a cheol na hÉireann níos barantúla agus níos ábhartha don éileamh chomhaimsire.

C. Cé na deiseanna don earnáil cultúir maidir leis an soláthar seirbhísí cultúir sa ré digiteach?

F. Tá sé níos fusa anois ná mar a bhí riamh eolas agus eile faoin Ghaeilge a roinnt le daoine ar líne. Tá breise agus 6,500 duine ina mball den ghrúpa Facebook 'Gaeilge Amháin' ina mbíonn plé rialta á dhéanamh ar chúrsaí Gaeilge agus gach ábhair eile sa tsaol go hiomlán trí Ghaeilge ag daoine ar mhaith leo nasic a thógáil le Gaeil eile agus teagmháil a dhéanamh leo. Léiríonn an sampla seo go bhfuil pobal na Gaeilge gníomhach ar líne agus ag iarraidh naisc a chruthú le Gaeilgeoirí eile tríd na meáin nua atá ar fáil anois. Is iomaí féidearthacht a bhaineann leis an ré digiteach do ghrúpaí beaga áitiúla ach go háirithe. Is féidir acmhainní a roinnt ar líne le grúpaí eile, naisc a thógáil le samplaí dea-chleachtas a roinnt agus smaoinítí nua a fháil ar fhéidearthachtaí amach ansin a fháil.

Ar a bharr seo, tá féidearthachtaí móra ag baint leis an ré digiteach agus le húsáid na Gaeilge ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta fosta. Tá úsáid na Gaeilge fud fad an domhain ag fás agus ag forbairt le linn na hama le blianta beaga anuas mar gheall ar na féidearthachtaí a bhaineann leis na meáin shóisialta.

C. Conas is féidir linn rochtain ar an chultúr a fheabhsú i limistéir ina bhfuil eisiaimh sóisialta nó atá faoi mhíbhuntáiste?

F. Ba chóir go mbheadh sé aitheanta go bhfuil an cheart ag gach páiste freastal ar cheachtanna maoinithe nó saor in aisce i ngíomhaíocht chultúrtha taobh amuigh do am na scoile.

C. Conas is féidir an cultúr a úsáid chun bacainní eisiaimh nó míbhuntáiste a bhriseadh anuas?

F. Tá sé léirithe go minic i stair na Gaeilge (go háraithe i ré na hAthbheochana) go bhfuil sí sár-chumhachtach mar leibhéalaí shóisialta. Bíonn toinn agus canúint éagsúil ag gach éinne sa Ghaeilge seachas an chanúint/toinn atá acu sa mBéarla!

¹ Conradh na Gaeilge, *Céard é an Scéal? Dearcthaí an Phobail i leith na Gaeilge: Anailís Bhliantúil 1, 2015, lth 20*

C. Conas ba cheart aghaidh a thabhairt in Cultúr 2025 ar shaincheisteanna a bhaineann le traidisiún agus leis an teanga?

F. Mar atá ráite ag Uachtarán na hÉireann Mícheál D. Ó hUigínn: “Déanaimís níos mó ar son na Gaeilge”. Ba chóir maoiniú Fhoras na Gaeilge a mhéadú as cuimse, lárionaid Gaeilge a fhorbairt agus a mhaoiniú ar fud na tíre (ag tosnú sna ceantracha uirbeacha), agus feiceálacht na Gaeilge a mhéadú sna meáin, sna hEalaíona i gcoitinne, agus i spásanna poiblí.

C. Conas ba chóir freagairt in Cultúr 2025 do na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn i nDeich mBliana na gCuimhneachán?

F. Ba chóir go ndéanfar iarracht tuiscint níos fearr agus níos leithne a fhorbairt ar ról lárnach na Gaeilge i stair na linne sin, go háirithe mar fhoinsé ionsparáide agus mar fheithicil fhorbartha pearsanta dóibh siúd a bhí gníomhach an tráth sin, agus an suim mhór a bhí agus atá ag na pobail uilig a mhaireann in Éirinn sa Ghaeilge. Is iomaí tionchar a bhí á imirt ar ghníomhaí le linn an tréimhse sin, ach is fíor fosta

C. Conas is féidir Cultúr 2025 a úsáid chun cabhrú le hÉirinn a athshamlú mar chuid de bhliain an chuimhneacháin in Éirinn sa bhliain 2016?

F. Mar shochaí cruthaíoch, saor-smaointeoireacht, neamhspleách go hintleachtúil, le cultúr féin-mhuiníneach, sona inti féin, á cur í féin i láthair agus chun tosaigh i measc an phobal domhanda de réir a roghanna féin.

C. Cé na nithe eile is féidir a dhéanamh chun naisc Thuaidh/Theas a neartú ó thaobh cúrsaí cultúir de?

Ba chóir go ndéanfar naisc idir an dhá Stráitéis 20 Bliain le deiseanna comhoibriú a aithint agus a chur i gcrích. Oibríonn na ceanneagraíochtaí Gaeilge atá ceaptha ag Foras na Gaeilge ar bhonn náisiúnta cuidíonn sé seo go mór le naisc thuaidh/theas a chruthú agus a bhuanú. Léiríonn sé seo fáth eile gur chóir maoiniú na gceanneagraíochtaí a chosaint agus a mhéadú amach anseo.